



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2020

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Tíreolaíocht

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótaíl i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Substantiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'fhaisnéis fhíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an eolas a thugann an t-iarraitasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála. Úsáidtear nótaí mínithe eile le haghaidh ceisteanna áirithe eile, liostaítear na nótaí mínithe sin tar éis na scéime marcála don cheist ábhartha.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna (más iomchuí)
	Faisnéis bhailí	1
	Faisnéis bhailí	2
	Faisnéis bhailí	3
	Faisnéis bhailí	4
	Farasbarr faisnéise	N/B
	Freagra mícheart	0
	Cuid shuntasach de fhreagra	N/B
	Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí	N/B

CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

Bronn 10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 marc an ceann.

Marcáil gach ceist a triaileadh agus bronn marc ar na deich gceist a fuair na marcanna is airde.

Gan grádú ar bith.

C1. (i) Fáinne Tine an Aigéin Chiúin 2m (ii) A = Eoráiseach 1m B = Afracach 1m (iii) Trasnach/athrú 2m (iv) Seismagraf/seisiméadar 2m	C7. (i) Páirceáil 2m (ii) T 242 729 2m (iii) 6.2 (cm) 2m (iv) 36 (cm²) 2m
C2. (i) (a) Sliogáin agus cnámha (b) Marmar 1m éisc 1m Cré agus siolta 1m Slinn 1m Gaineamh 1m Grianchloichít 1m (ii) Fíor 2m	C8. A = Sa lár / lár na talún láir 2m B = Talamh láir ar dheis 2m C = Cúlra ar chlé 2m D = Tulra ar chlé 2m
C3. (i) D 1m (ii) Sil-leagan abhann 1m B 1m Ithirthéaltú 1m C 1m Gníomhaíocht Reo is Coscartha 1m A 1m Sil-leagan cósta 1m	C9. (i) Measctha 2m (ii) M11 2m (iii) 140 (méadar) 2m (iv) T 264 760 2m
C4. (i) D 1m (ii) Sil-leagan Oighreach 1m A 1m Creimeadh Oighreach 1m B 1m Sil-leagan Oighreach 1m C 1m Próisis Dhobhar-Oighreacha 1m	C10. (i) Fíor 2m (ii) Bréagach 2m (iii) Fíor 2m (iv) Bréagach 2m
C5. (i) Geomoirfeolaíoch 1m (ii) Boirinn 1m Clíomach 1m An Mheánmhuir 1m Croí 1m Mórcheantar BÁC 1m Cultúrtha 1m Tír na mBascach 1m	C11. (i) 4,298,800 2m (ii) 2,483,500 2m (iii) 28.3(%) 2m (iv) Dhá bhealach bhailí 1m + 1m
C6. (i) V-ghleann 2m Srutharlú abhann 2m Trá 2m (ii) 266 (méadar) 2m	C12. (i) Ljubljana 2m (ii) 6.1 – 7.0 (°C) 2m (iii) 0.4 (°C) 2m (iv) Dhá shampla bhailí 1m + 1m

CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
 - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(80 marc)**
 - AGUS**
 - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 3 – Roghaonaid (80 marc)**

FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON

ROINN 1 – CROÍ-AONAIÐ

Ceist 1 go 6

NÍ MÓR duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

CEIST AMHÁIN as Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach

(Ceist 1 go 3) AGUS

CEIST AMHÁIN as Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceist 4 go 6)

PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

Ceist 1 go 3

Freagair ceist **AMHÁIN**.

Ceist 1

1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Cúrsa iomlán Abhainn Abhóca
- Gné de shil-leagan cósta
- Bealach iomlán an tsiúl bhealaigh le comharthaí ar a dtugtar Siúlóid Ghleann Airt (*Glenart Walk*).
- An limistéar talún iomlán atá os cionn 200 méadar i mBaile Dhónaill (*Ballydonnell*) i dtuaisceart na léarscáile.

[20m]

Imlíne na Sracléarscáile

4 mharc (4/0)

4 ghné @ 4 mharc an ceann:

Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)

Lipéad 1 mharc

- Caithfear imlíne sracléarscáile a tharraingt go dtí leathscála. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm]. Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ní bhronntar marcanna ach as ainmniú.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad na léarscáile de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is féidir lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triailleadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triailleadh gné a aimsiú.
- Taispeánta, bronnntar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.

- Murar triaileadh an cósta a tharraingt, bain 2 mharc ón marc iomlán.
- Is féidir an sceitse a tharraingt ar pháipéar línithe nó ar ghrafpháipéar.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
#	Ní dhearnadh iarracht an t-imeallbhord a léiriú ar an sracléarscáil	- 2

1B. Carraigeacha

Mínigh foirmiú gach ceann díobh seo a leanas, agus bíodh tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu:

- Bruthcharraig phlútónach **amháin**
- Carraig mheiteamorfach **amháin**.

[30m]

Bruthcharraig plútónach Éireannach amháin ainmnithe	2 mharc
Carraig mheiteamorfach amháin ainmnithe	2 mharc
Míniú ar fhoirmiú bruthcharraige plútónaí	6/7 x PSÁ
Míniú ar fhoirmiú carraige meiteamorfaí	6/7x PSÁ

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ in aghaidh an chineáil carraige don láthair ainmnithe ón bhfoirmiú. Ní mór an láthair a nascadh le carraig ainmnithe.
- Mura ndéantar ach cur síos ar an gcineál carraige gan aon tagairt don fhoirmiú: 1 X PSÁ ar a mhéad. Is é bunphointe na ceiste an foirmiú.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.
- Mura ndéantar plé ach ar charraig amháin = 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Nuair a thugtar míniú ar fhoirmiú níos mó ná bruthcharraig plútónach/carraig mheiteamorfach amháin, marcáil iad go léir agus tabhair an marc is airde.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
N	Carraig ainmnithe	N/B
Loc	Suíomh ainmnithe	N/B
✓ ₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B
P1 / P2	Baineann na nótaí mínithe le cineál carraige 1/cineál carraige 2	N/B

1C. Teorainneacha Plátaí

Tabhair cur síos agus míniú ar theorainneacha plátaí déanmhasacha.

[30m]

Cur síos/Míniú


15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 3 x PSÁ as dhá shampla gheografacha a thabhairt ón gcur síos/míniú
- Mura ndéantar ach cur síos ar theorainneacha plátaí gan aon tagairt do mhíniú: 8 x PSÁ ar a mhéad.
- Táthar ag súil le plé ar theorainneacha tógálacha plátaí sa cheist. Ná bronn marcanna as plé a dhéanamh ar theorainneacha scriosacha ná neodracha plátaí.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
Ex	Sampla geografach	N/B
✓ ₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B

Ceist 2

2A. Filleadh agus Éascadh



Scrúdaigh an léaráid thuas a léiríonn éifeacht an fhillte ar shraitheanna carraige le linn thréimhse Armarcach na tógála fillsléibhte. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

- (i) Ainmnigh an chuid sin de fhilleadh, lipéadaithe **A**, a fhoirmítear nuair a bhrúitear suas sraitheanna carraige.
- (ii) Ainmnigh an chuid sin de fhilleadh, lipéadaithe **B**, a fhoirmítear nuair a bhrúitear síos sraitheanna carraige.
- (iii) Ainmnigh sliabhraon **amháin** in Éirinn a foirmíodh le linn an fhillte Armarcaigh.
- (iv) Ainmnigh tréimhse eile inar tógadh fillsléibhte a mhúnlaigh tírdhreach na hÉireann le 400 milliún bliain anuas.
- (v) Mínigh go hachomair an téarma comhbhrú mar a bhaineann sé le filleadh.
- (vi) Ainmnigh **dhá** chineál éisc.
- (vii) Ainmnigh **dhá** ghné tírdhreacha a fhoirmítear trí éascadh.

[20m]

- | | | |
|-------|-----------------------|-------------|
| (i) | Dronnchlaonas | 2 mharc |
| (ii) | Cuaschlaonas | 2 mharc |
| (ii) | Aon sliabhraon bhailí | 2 mharc |
| (iv) | Aon oraigineas bailí | 2 mharc |
| (v) | Míniú gearr bailí | 2 + 2 mharc |
| (vi) | Dhá chineál ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Dhá ghné ainmnithe | 2 + 2 mharc |

2B. Próisis Dromchla

Freagair (i) nó (ii)

- (i) Scrúdaigh an chaoi a dtéann **próisis an chreimthe** i bhfeidhm ar fhoirmiú tírghné abhann **amháin** nó ar fhoirmiú tírghné cósta **amháin** nó ar fhoirmiú tírghné oighrí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

[30m]

Próiseas an chreimthe ainmnithe	2 mharc
Tírghné ainmnithe	2 mharc
Scrúdú	13 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an dara próiseas creimthe ainmnithe do 1 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh maidir le gach tagairt eile do phróisis chreimthe.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla ón scrúdú.
- Is é bunphointe na ceiste an tionchar a bhíonn ag an bpróiseas creimthe ar fhoirmiú tírghné amháin. Míniú ar phróisis an tsil-leagain = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur eolas é seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Mura ndéantar ach cur síos ar tírghné gan aon tagairt don fhoirmiú: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
N	Próiseas creimthe ainmnithe	N/B
I	Tírghné ainmnithe	N/B
Ex	Sampla nó láthair	N/B
✓₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B

- (ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar **na tosca a rialaíonn oibriú** próisis ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Próiseas ollghluaiseachta ainmnithe	2 mharc
Tosca a shonrú	2 + 2 mharc
Cur Síos/Míniú ar phróiseas	12 x PSÁ

- Tá cur síos/míniúchán de dhíth maidir le gach toisc sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla ón gcur síos/míniú.
- Tugtar creidiúint as léaráid ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur eolas é seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Ní gá go mbainfeadh an freagra le hÉirinn.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar an ollghluaiseacht gan aon tagairt do thosca lena rialaítear a hoibríocht.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
N	Próiseas ollghluaiseachta ainmnithe	N/B
I	Toisc aitheanta	N/B
Ex	Sampla	N/B
✓ ₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B

2C. Síonchaitheamh

Mínigh próiseas **amháin** síonchaithimh fhisicigh agus próiseas **amháin** síonchaithimh cheimicigh.

[30m]


Próiseas síonchaithimh fhisicigh ainmnithe	2 mharc
Próiseas síonchaithimh cheimicigh ainmnithe	2 mharc
Míniú ar shíonchaitheamh fisiceach	6/7 x PSÁ
Míniú ar shíonchaitheamh ceimiceach	6/7 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ maidir le gach próiseas síonchaithimh.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 1 x PSÁ ar a mhéid ar an iomlán.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.
- Mura mínítear ach an próiseas síonchaithimh fhisicigh nó an próiseas síonchaithimh cheimicigh = 7 x PSÁ ar a mhéad.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
N	Próiseas síonchaithimh ainmnithe	N/B
✓₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B
P1 / P2	Ag baint le cuid 1/cuid 2 den fhreagra	N/B

Ceist 3

3A. Tírdhreacha Carstacha



Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann tírdhreach carstach agus freagair gach ceann de na ceistanna seo a leanas.

- (i) Ainmnigh na gnéithe atá lipéadaithe **A**, **B** agus **C** sa léaráid thuas.
- (ii) Cuir in iúl cé acu atá an ráiteas seo a leanas fíor nó bréagach.
Doilíne is ea an téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an ngné a fhoirmítear nuair a thiteann córas pluaiséanna, mar a thaispeántar sa limistéar timpeall **D**.
- (iii) Ainmnigh **dhá** ghné a fhoirmítear ar dhromchla tírdhreach carstach.
- (iv) Cén cineál carraige is mó a luaitear le tírdhreacha carstacha?
- (v) Cad é an téarma a thugtar ar na línte cothrománacha a fhaightear i gcarraig dhríodair, mar a thaispeántar ag **E**?
- (vi) Cén cineál sionchaithimh cheimicigh is mó a luaitear le foirmiú tírdhreach carstach?
- (vii) Luaigh cad is brí leis an téarma *carraig thréscailteach*.

[20m]

- | | | |
|-------|--------------------------------|-------------|
| (i) | A = Aolchuisne | 2 mharc |
| | B = Aolchoinneal | 2 mharc |
| | C = Piléar/Colún | 2 mharc |
| (ii) | Fíor | 2 mharc |
| (iii) | Dhá ghné bhailí ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Aolchloch | 2 mharc |
| (v) | E = Plánaí cisealúcháin | 2 mharc |
| (vi) | Carbónáitiú | 2 mharc |
| (vii) | Ráiteas bailí | 2 mharc |

3B. Iseastatacht

Déan cur síos agus tabhair míniú ar conas a mhúnlaigh an iseastatacht tírdhreach na hÉireann.

[30m]

Tionchar / Gné sonraithe 2 mharc
Cur síos/Míniú 14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar/gné aitheanta do 1 x PSÁ ón gcur síos/míniú. Tá cur síos/míniúchán de dhíth maidir le gach tionchar/gné sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as dhá shampla Éireannacha a ainmnítear do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as léaráid ábhartha le lipéid.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Glac le gnéithe d'éiritheacht cósta agus gnéithe athnuachana.
- Baineann an cheist le hÉirinn.
- Mura ndéantar ach cur síos ar iseastatacht gan aon tagairt don tionchar ar thírdhreach na hÉireann: 2 x PSÁ ar a mhéad.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
I	Tionchar / gné aitheanta	N/B
Ex	Sampla	N/B
✓ ₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B

3C. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Bíonn an duine ag idirghníomhú le timthriall na gcarraigeacha i mórán slite.

Déan cur síos agus tabhair míniú ar conas a tharlaíonn an t-idirghníomhú seo le timthriall na gcarraigeacha, agus tagairt agat do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar tógála
- Saothrú ola / gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

[30m]

Cur síos/Míniú

15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as dhá shampla shonracha ainmnithe. D'fhéadfadh cuideachta, suíomh, etc. ainmnithe a bheith sna samplaí.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar léaráid, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Ní le hÉirinn go sonrach a bhaineann an cheist.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
Ex	Sampla	N/B
✓ ₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Léaráid bhailí	N/B

TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

Ceisteanna 4 to 6

Freagair ceist **AMHÁIN**.

Ceist 4

4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Abhainn ainmnithe
- Imchruth gné ainmnithe rilífe (ar thalamh ard nó ar thalamh íseal)
- **Dhá** lárionad uirbeacha ainmnithe.

[20m]

Imlíne na léarscáile
4 ghné @ 4 mharc an ceann

4 mharc ghrádaithe (4/2/0)
Taispeánta 2 mharc (grádaithe 2/1/0)
Ainmnithe 2 mharc

- Ná glactar le léarscáil imchrutha de réigiún Éireannach ná Eorpach.
- Glactar le lárionad uirbeach de chineál bailí ar bith, is cuma faoin méid.
- Is féidir an tsracléarscáil a tharraingt ar pháipéar línithe nó ar ghrafpháipéar.
- Féadtar ainmneacha a scríobh ar an tsracléarscáil nó in eochair.
- Marcanna creidiúna as na gnéithe riachtanacha a ainmniú má tá na hainmneacha bailí agus ceart fiú mura dtaispeántar na gnéithe nó má thaispeántar go mícheart iad.
- I gcás go dtaispeántar gnéithe ach nach n-ainmnítear i gceart iad nó mura n-ainmnítear in aon chor iad, 0 marc as taispeáint agus 0 marc as ainmniú.

4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach

Scrúdaigh an fhorbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún **Eorpach** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air, agus tagairt agat do **dhá** cheann de na tosca seo a leanas:

- Ámhábhair
- Margaí
- Infreastruchtúr
- Beartas Rialtais.

[30m]

Scrúdú ar thoisc 1 8 x PSÁ
Scrúdú ar thoisc 2 7 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as dhá shampla shonracha de ghníomhaíochtaí geilleagracha tánaisteacha do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Ná glactar le scrúdú ar réigiún de chuid na hÉireann ná ar réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí tánaistí: 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar thoisc amháin: 8 x PSÁ ar a mhéad.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
	Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach	N/B
	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
	Barrachas PSÁ	N/B
	Sracléarscáil bhailí	N/B
 / 	Baint ag nótaí mínithe le toisc 1/toisc 2	N/B

4C. Forbairt Uirbeach

Scrúdaigh na tosca a raibh tionchar acu ar an bhforbairt a tháinig ar cheantar uirbeach **amháin** i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]


Ceantar uirbeach ainmnithe	2 mharc
Tosca a shonrú	2 + 2 mharc
Scrúdú	12 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an tríú toisc aitheanta ón scrúdú do 1 x PSÁ. Tá scrúdú riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin.
- Ná glactar le ceantar uirbeach i réigiún Eorpach ná i réigiún Ilchríochach.
- Glactar le ceantar uirbeach de chineál bailí ar bith nó cuid de, is cuma faoin méid.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do cheantar uirbeach ainmnithe ná do cheantar uirbeach a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Is féidir an scrúdú a bhunú ar léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sracléarscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
N	Ceantar uirbeach ainmnithe	N/B
I	Toisc aitheanta	N/B
✓₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Sracléarscáil bhailí	N/B

Ceist 5

5A. Turasóireacht

Turais go Baile Átha Cliath	Turais go dtí an tIarthar	Turais go Poblacht na hÉireann
		
- Tháinig 5.9 milliún turasóir ó thar lear agus chaith siad €2 bhilliún. - Rinne cónaitheoirí Éireannacha 1.5 mhilliún turas agus chaith siad €307 milliún.	- Tháinig 1.9 milliún turasóir ó thar lear agus chaith siad €694 milliún. - Rinne cónaitheoirí Éireannacha 1.6 mhilliún turas agus chaith siad €353 milliún.	- Tháinig 9 milliún turasóir ó thar lear agus chaith siad €4.9 mbilliún. - Rinne cónaitheoirí Éireannacha 9.6 milliún turas agus chaith siad €1.9 mbilliún.

Curtha in oiriúint ó Fáilte Ireland

Scrúdaigh an ghrafaic thuas a thaispeánann sonraí turasóireachta na hÉireann don bhliain 2017 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas:

- Cé mhéad turas a rinne cónaitheoirí Éireannacha taobh istigh de Phoblacht na hÉireann in 2017?
- Cé mhéad airgid (€ milliún) a chaith turasóirí ó thar lear ar thurais go dtí an tIarthar?
- De na turasóirí ó thar lear a thug cuairt ar Phoblacht na hÉireann cén céatadán díobh a thug cuairt ar Bhaile Átha Cliath?
- Mínigh go hachomair **dhá** chúis ar thug níos mó turasóirí ó thar lear cuairt ar Bhaile Átha Cliath ná mar a thug cuairt ar an tIarthar.
- Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh thionscal turasóireachta na hÉireann.

[20m]

- | | | |
|-------|----------------------------|-------------|
| (ii) | 9.6 milliún | 2 mharc |
| (ii) | 694 (€ milliún) | 2 mharc |
| (iii) | 65.6 (%) | 4 mharc |
| (iv) | Dhá mhíniú achoimre bhailí | 2 + 2 mharc |
| | | 2 + 2 mharc |
| (v) | Míniú achomair bailí | 2 + 2 mharc |

5B. Dinimic Daonra

Tabhair míniú ar dháileadh an daonra ar fud réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

[30m]

Scrúdú

15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as dhá láthair a ainmnítear laistigh den réigiún do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as tagairt do thosca a bhfuil tionchar acu ar dháileadh daonra do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Ná glactar le scrúdú ar réigiúin de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar dháileadh daonra gan aon mhíniú: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
Loc	Suíomh ainmnithe	N/B
REF	Tagairt do thoisc a bhfuil tionchar aici ar dháileadh daonra	N/B
✓₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Sracléarscáil bhailí	N/B

5C. Réigiúin Shocheacnamaíocha

Pléigh conas a bhíonn an ghníomhaíocht gheilleagrach i gcroi-réigiúin difriúil leis an ngníomhaíocht gheilleagrach i réigiúin fhorimeallacha.

[30m]

Plé

15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as croílimisteir amháin ainmnithe ón bplé do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as limistéar imeallach amháin ainmnithe ón bplé do 1 x PSÁ.
- Tugtar 2 x PSÁ as sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach.
- Glactar le plé ar ghníomhaíocht gheilleagrach amháin nó níos mó
- Glactar le plé ar gach cineál gníomhaíochta geilleagraí, i.e. Príomhúil, Tánaisteach agus Treasach.
- Mura ndéantar ach cur síos ar ghníomhaíocht gheilleagrach i gcroí-réigiúin nó i réigiúin fhorimeallacha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
N	Ceantar ainmnithe	N/B
Ex	Sampla den ghníomhaíocht gheilleagrach	N/B
✓₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Sracléarscáil bhailí	N/B

Ceist 6

6A. Gníomhaíocht Gheilleagrach

Fostaíocht i gCuideachtaí Ilnáisiúnta Iasachta (CINanna) atá ag oibriú in Éirinn
agus Fostaíocht Iomlán in Éirinn, 2013-2017

Bliain	Fostaíocht sna CIN (mílte)	Fás na Fostaíochta sna CIN mar %	Fostaíocht Iomlán (mílte)	Sciar na Fostaíochta Iomláine curtha síos do CINanna
2013	300	1.0%	1,971	15.0%
2014	302	0.7%	2,025	14.9%
2015	304	0.8%	2,085	14.6%
2016	311	2.2%	2,164	X
2017	318	2.3%	2,231	14.3%

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an fhaisnéis faoi chuideachtaí ilnáisiúnta iasachta (CINanna) atá ag oibriú in Éirinn agus faoin bhfostaíocht iomlán in Éirinn, agus freagair gach ceann de na ceistanna seo a leanas.

- (i) Cén bhliain inar tháinig fás 0.7% ar an bhfostaíocht sna CINanna?
- (ii) Cad é an fhostaíocht iomlán (ina mhílte) a bhí ann in 2017?
- (iii) Ríomh X, sciar céatadánach na fostaíochta iomláine a cuireadh síos do CINanna in 2016.
- (iv) Mínigh go hachomair **dhá** chúis a mealltar CINanna chun lonnú in Éirinn.
- (v) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** atá roimh CIN atá suite in Éirinn.

[20m]

- (i) 2014 2 mharc
- (ii) 2,231 2 mharc
- (iii) 14.4 (%) 4 mharc
- (iv) Dhá mhíniú achoimre bhailí 2 + 2 mharc
2 + 2 mharc
- (v) Míniú achomair bailí 2 + 2 mharc

6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil

Scrúdaigh na tosca fisiceacha a théann i bhfeidhm ar fhorbairt na talmhaíochta in **dhá réigiún** chontrártha in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

[30m]

Tosca fisiciúla aitheanta 2 + 2 mharc
Scrúdú 13 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as sampla amháin de chineál talmhaíochta do 1 x PSÁ.
- Ná glactar ach le scrúdú ar thionchar na dtosca fisiciúla ar fhorbairt na talmhaíochta.
- Mura ndéantar ach cur síos ar fhorbairt na talmhaíochta gan aon tagairt do na tosca fisiciúla a bhfuil tionchar acu ar a forbairt: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar na tosca fisiciúla gan aon tagairt dá dtionchar ar fhorbairt na talmhaíochta: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar réigiún amháin: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Ná glactar le scrúdú ar réigiún Eorpach ná réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
- Glactar le cur chuige dearfach nó diúltach maidir le tionchar na dtosca ar fhorbairt na talmhaíochta.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
I	Toisc fhisiceach aitheanta	N/B
Ex	Sampla de chineál talmhaíochta	N/B
✓ ₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Sracléarscáil bhailí	N/B

6C. Coincheap an Réigiúin

Scrúdaigh an chaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as ceann **amháin** díobh seo a leanas chun sainmhíniú a dhéanamh ar réigiún chultúrtha, agus tagairt agat do shampla(i) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Teanga
- Reiligiún.

[30m]

Sampla de réigiún a shainmhínítear de réir teanga agus reiligiúin
Scrúdú

2 mharc
14 x PSÁ

- Tugtar creidiúint as an dara sampla de réigiún a shainmhínítear de réir teanga/reiligiúin do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as teanga/reiligiún amháin a ainmnítear do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as sraclearscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsraclearscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní mór d'fhaisnéis a bhronntar ar sraclearscáil, má chuirtear i láthair í, a bheith bailí agus ábhartha don cheist a cuireadh.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
Ex	Sampla de réigiún a shainmhínítear de réir teanga/reiligiúin	N/B
N	Teanga/reiligiún ainmnithe	N/B
✓₂	Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc	2
✓	Barrachas PSÁ	N/B
Dg	Sraclearscáil bhailí	N/B

ROINN 2 – TOGHAONAI

Ceist 7 go 12

NÍ MÓR duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)

NÓ

Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

Ceist 7 go 9

Ceist 7

7A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála de léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An limistéar faoi fhoirgnimh san Inbhear Mór laistean de Abhainn Abhóca
- Cúrsa iomlán mhótarbhealach an M11
- Cúrsa iomlán na líne iarnróid
- Oifig an phoist san Inbhear Mór.

[20m]

Imlíne na Sracléarscáile

4 mharc (4/0)

4 ghné @ 4 mharc an ceann:

Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)

Lipéad 1 mharc

- Caithfear imlíne sracléarscáile a tharraingt go dtí leathscála. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm]. Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ní bhronntar marcanna ach as ainmniú.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad na léarscáile de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is féidir lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triailleadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triailleadh gné a aimsiú.
- Taispeánta, bronntar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.
- Murar triailleadh an cósta a tharraingt, bain 2 mharc ón marc iomlán.
- Is féidir an sceitse a tharraingt ar pháipéar línithe nó ar ghrafpháipéar.

Nóta mínithe	Úsáid	Marcanna
#	Ní dhearnadh iarracht an t-imeallbhord a léiriú ar an sracléarscáil	- 2

7B. Cuideachta Ilnáisiúnta

